Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Aibreán 2022**
**(OR. fr, en)**

**7937/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0008(NLE)**

**EDUC 126**
**RECH 176**
**SOC 216**
**DIGIT 78**
**ENV 324**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6986/22 |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach san ardoideachas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 4 agus an 5 Aibreán 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Moladh ón gComhairle maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165 agus 166 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Tá sé ríthábhachtach comhar trasnáisiúnta níos doimhne agus níos éifeachtaí a bheith ann san earnáil ardoideachais ar fud na hEorpa uile chun tacú le luachanna, féiniúlacht agus daonlathas an Aontais, chun athléimneacht na sochaí Eorpaí agus an gheilleagair Eorpaigh a threisiú agus chun todhchaí inbhuanaithe a chothú. Is ionstraim thábhachtach amháin iad institiúidí láidre idirnasctha ardoideachais chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha, le daonra atá ag dul in aois agus le príomhdhúshláin socheacnamaíocha eile trí eolas a chomhroinnt agus trí réitigh nuálacha a chomhchruthú. D’fhéadfaidís freisin acmhainneacht na hEorpa a dhaingniú chun borradh a chur faoin iomaíochas arna spreagadh ag an teicneolaíocht.

2. Is ionstraim thábhachtach é naisc a chothú lena ligtear d'institiúidí ardoideachais comhar trasnáisiúnta éifeachtach, síoraí agus níos doimhne a fhorbairt ar an leibhéal institiúideach chun go mbeidh na hinsitiúidí ardoideachais níos láidre le chéile agus chun mic léinn, foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, taighdeoirí agus foirne a ullmhú do thodhchaí dhomhanda. Tá institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa á gcur féin in oiriúint do dhomhan atá ag síorathrú, ina bhfuil disciplíní agus timpeallachtaí foghlama a bhíonn ag athrú go mear, mar shampla i dtaca leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Chuige sin tá gá le smaointeoireacht nua, cineálacha cur chuige nua agus struchtúir nua maidir le comhar agus soghluaisteacht (agus an tsoghluaisteacht fhisiciúil ann ina príomhfhormáid i gcónaí) mac léinn, foirne agus taighdeoirí sna disciplíní uile agus thar theorainneacha. Leis an saol nua seo, arna spreagadh ag an aistriú digiteach, gabhfaidh raon nua mealltach oideachais, chomh maith le formáidí agus deiseanna nua don chomhar agus don tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta, i bpearsa agus ar líne araon, le haghaidh gach foghlaimeora, daoine ar lú na deiseanna atá acu agus daoine ó cheantair iargúlta – amhail na réigiúin is forimeallaí – san áireamh, agus spreagtar leis éagsúlacht i measc acadóirí, taighdeoirí agus foirne gairmiúla.

3. Príomhphrionsabal atá ina bhonn faoin Limistéar Eorpach Oideachais agus faoin Limistéar Eorpach Taighde agus atá ina chuid bhunúsach díobh is ea comhar níos láidre idir institiúidí ardoideachais éagsúla san Aontas trí chéile, lena n-áirítear ollscoileanna, ollscoileanna taighde, coláistí ollscoile, ollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha, institiúidí ard-ghairmoideachais agus ard-ghairmoiliúna, agus institiúidí ardoideachais ealaíon. Le comhar trasnáisiúnta níos doimhne idir institiúidí comhlántacha éagsúla ar fud na hEorpa tacaítear le rochtain chothrom ar oideachas, oiliúint agus taighde atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán, cothaítear cruthú agus scaipeadh eolais, éascaítear comhroinnt acmhainneachta agus bonneagair, agus cuirtear le beocht a réigiún agus a bpobal, rud a chabhraíonn le míbhuntáiste agus éagothromaíocht gheografach a shárú. Chomh maith leis sin, is féidir leis na nithe seo a leanas a chothú: an taighde, an nuálaíocht agus éiceachórais thionsclaíocha. Ina theannta sin, cuireann an comhar trasnáisiúnta le barr cumais na hearnála ardoideachais mar thionscnóir scileanna, inniúlachtaí agus eolais araon a bhaint amach, mar shampla, maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cuireann sé le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

4. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025[1], iarrtar comhar trasnáisiúnta rianúil uaillmhianach, soláthar éascaithe céimeanna comhpháirteacha, agus iniúchadh ar a indéanta a bheadh reacht dlíthiúil le haghaidh comhghuaillíochtaí amhail na hOllscoileanna Eorpacha. Leis an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030)[2], spreagtar comhar níos doimhne, eolas agus acmhainní a chomhthiomsú agus níos mó deiseanna a ghiniúint le haghaidh soghluaisteacht mac léinn, acadóirí agus taighdeoirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí sheoladh iomlán thionscnaimh na nOllscoileanna Eorpacha agus an Chárta Mic Léinn Eorpaigh. Sna Conclúidí uaithi maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: an bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach[3], d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit na baic ar chórais ardoideachais níos comhoiriúnaí a bhaint agus iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta a bheadh céimeanna Eorpacha comhpháirteacha. San conclúidí uaithi maidir leis 'an Limistéar Eorpach Taighde a Dhoimhniú: gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú'[4], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus bearta beartais á gceapadh acu le haghaidh comhar trasnáisiúnta rianúil agus uaillmhianach idir institiúidí ardoideachais san Eoraip, go háirithe i réimse na ngairmeacha acadúla agus taighde. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le LET nua le haghaidh taighde agus nuálaíochta[5] agus leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[6], iarrtar comhar níos doimhne agus aithnítear an acmhainneacht atá i dtionscnaimh amhail na hOllscoileanna Eorpacha chun an t-ardoideachas a chlaochlú. Iarrtar leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua[7] freisin na baic ar chomhar trasnáisiúnta éifeachtach agus níos doimhne a bhaint.

[1] COM(2020) 625 final.
[2] IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.
[3] IO C 221, 10.6.2021, lch. 14.
[4] 9138/21.
[5] COM(2020) 628 final.
[6] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1.
[7] COM(2020) 274 final.

5. In Communiqué na Róimhe ó airí Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus sa Mholadh ón gComhairle maidir le haitheantas uathoibríoch frithpháirteach a chur chun cinn do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna ar leibhéil an ardoideachais agus an mheánoideachais shinsearaigh, agus do thorthaí tréimhsí foghlama ar an gcoigríoch[8], iarrtar comhar trasnáisiúnta níos doimhne a chur chun cinn agus a éascú. Le Rún Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: cur chuige iomlánaíoch comhchoiteann[9], cuirtear i dtreis go bhfuil gá le comhar breise agus iarrtar leis sineirgí a úsáid idir an Limistéar Eorpach Oideachais, an Limistéar Eorpach Taighde agus an Limistéar Eorpach Ardoideachais.

6. Leis na 41 'Ollscoileanna Eorpacha', a fhaigheann tacaíocht ón gclár Erasmus+ agus atá á chomhlánú ag an gclár Fís 2020 maidir leis an ngné thaighde agus nuálaíochta, agus samhlacha comhair institiúidithe comhchosúla eile atá fadbhunaithe, soláthraítear ceachtanna úsáideacha a foghlaimíodh le linn do shamhlacha níos doimhne um chomhar trasnáisiúnta a bheith á dtástáil, a théann níos faide ná na straitéisí, chomh maith le rialachas agus éiceachórais chomhair níos doimhne sna n-institiúidí aonair faoi láthair. Spreagann siad an pobal ardoideachais ina iomláine chun athchóirithe ar leibhéal na gcóras a bhrú chun cinn agus chun comhordú níos fearr a éascú an tráth céanna idir beartais Eorpacha um an ardoideachas agus an taighde.

7. Chun críocha an Mholta seo ón gComhairle, is iad 'Ollscoileanna Eorpacha' na hollscoileanna atá á gcistiú faoin gclár Erasmus+, agus tacaíocht chomhlántach á fáil acu ón gclár Fís Eorpach do ghné an taighde agus na nuálaíochta, i gcás inarb ábhartha. Tagraíonn 'comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais' do gach samhail chomhair eile, amhail na pobail eolais agus nuálaíochta. Is é is cuspóir don Mholadh seo ón gComhairle comhar trasnáisiúnta a éascú do na hinstitiúidí ardoideachais Eorpacha ar fad, thar na hinstitiúidí a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha.

---

8 IO C 444, 10.12.2018, lch. 1.
9 P9_TA(2021)0452.

8. Cuireann tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha le cáilíocht an chomhair thrasnáisiúnta trí straitéisí idirinstitiúideacha lena gcomhcheanglaítear foghlaim agus teagasc, taighde, nuálaíocht agus aistriú eolais chuig an ngeilleagar agus an tsochaí, agus rannchuidiú le hathrú beartais agus sochaíoch.

9. D'fhéadfadh comhghuaillíochtaí ardoideachais, ar bhonn deonach, tairbhe a bhaint as ionstraimí comhair institiúidithe, amhail stádas dlíthiúil féideartha do chomhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais, a chuirfidh ar a gcumas dóibh, i gcás inarb iomchuí, acmhainní coiteanna airgeadais, daonna, digiteacha agus fisiceacha a chomhroinnt, mar aon le seirbhísí, chun campais fhíorúla idir-ollscoileanna agus ardáin idir-inoibritheacha a oibriú le haghaidh gníomhaíochtaí digiteacha nó gníomhaíochtaí cumaisc comhpháirteacha. Chun comhar trasnáisiúnta níos doimhne a bhaint amach maidir le dul i ngleic go héifeachtach leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, is gá forbairt modúl idirdhisciplíneach agus dearadh céimeanna comhpháirteacha a éascú a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus institiúideach ar bhonn critéir Eorpacha chomhchruthaithe, i gcomhréir le hionstraimí Phróiseas Bologna. D'fhéadfaí deiseanna a mhéadú le haghaidh foghlaimeoirí, acadóirí, taighdeoirí agus foirne ach soghluaisteacht sholúbtha chuimsitheach a éascú agus úsáid an Chárta Mic Léinn Eorpaigh a fhorleathnú. Teastaíonn cistiú fadtéarmach síoraí leordhóthanach chun inniúlacht a fhorbairt agus chun an leibhéal uaillmhéine atá pleanáilte don chomhar trasnáisiúnta a bhaint amach.

10. Chun comhar níos doimhne idir institiúidí ardoideachais a chur i bhfeidhm, is gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uilechuimsitheacha. Déanann an méid seo a leanas difear do chur chun feidhme rianúil, do dhearbhú cáilíochta seachtrach agus do chreidiúnú gníomhaíochtaí agus clár oideachais trasnáisiúnta comhpháirteach ar gach leibhéal; cur chun feidhme míchothrom maidir le haitheantas uathoibríoch frithpháirteach cáilíochtaí agus tréimhsí staidéir ar an gcoigríoch agus maidir leis na príomhghealltanais ghaolmhara laistigh de Phróiseas Bologna, lena n-áirítear na difríochtaí i struchtúir na gcéimeanna; difríochtaí i nglacadh an Chur Chuige Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach; difríochtaí i gcur i bhfeidhm an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS); agus an t-aitheantas páirteach don fhoghlaim fhíorúil agus chumaisc. Dá dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin agus dá n-áiritheofaí go gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine ionstraimí Bologna laghdófaí ar na hualaí riaracháin, d'éascófaí comhar trasnáisiúnta agus chothófaí cur chun feidhme oideolaíochtaí idirdhisciplíneacha nuálacha i dtíortha éagsúla.

11. Is ionstraim cumhachtach é an comhar trasnáisiúnta Eorpach ar an leibhéal institiúideach chun tacú le haistriú i dtreo institiúidí ardoideachais cuimsitheacha, iomaíocha, inbhuanaithe agus mealltacha den chéad scoth a chomhlíonann a misin uile (oideachas, taighde, nuálaíocht agus seirbhís don tsochaí), agus chun an t-aistriú sin a fhorbairt a thuilleadh, a ngabhfaidh tairbhí leis laistigh agus lasmuigh den earnáil ardoideachais maidir le hEoraip a chruthú ina mbeidh an t-eolas, an athléimneacht agus an daonlathas ina gcomharthaí sóirt agus a léiríonn ár ndóigh bheatha agus ár luachanna Eorpacha. Is gá an comhar trasnáisiúnta a éascú trí shraith bearta comhtháite Eorpacha agus náisiúnta, trí chur chun feidhme éifeachtach na dtionscnamh, na n-ionstraimí agus na n-uirlisí Eorpacha atá ar fáil amhail tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, ionstraimí Phróiseas Bologna nó tionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh, agus iniúchadh a dhéanamh ar ionstraimí nua a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfaí na hionstraimí nua sin a fhorbairt ag baint úsáid as cur chuige comhchruthaitheach céim ar chéim, a chuirfeadh ar a gcumas d'institiúidí ardoideachais caidreamh a chothú agus comhar níos éifeachtaí a bhaint amach thar theorainneacha, agus a chuirfidh ar chumas na gcóras ardoideachais a bheith níos comhleanúnaí chun tairbhe don phobal ardoideachais ina iomláine, rud a chuirfeadh luach leis an tsochaí,

**AG MOLADH DO NA BALLSTÁIT**

Agus lánaird á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, ar an neamhspleáchas institiúideach agus ar an tsaoirse acadúil, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, agus i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir:

1. An deis a thabhairt d'institiúidí ardoideachais féachaint, trí phróiseas comhchruthaithe, ar an ngá le hionstraimí um chomhar institiúideach a bhunú, ar na tairbhí agus na rioscaí a ngabhfadh leo agus ar indéantacht a mbunaithe, amhail stádas dlíthiúil féideartha chomhghuaillíochtaí idir institiúidí ardoideachais, mar shampla 'Ollscoileanna Eorpacha', chun críche comhar níos doimhne a éascú trí acmhainneachtaí daonna, teicniúla, sonraí, oideachais, taighde agus nuálaíochta a chomhroinnt, i gcás inarb iomchuí. Ceadú dóibh triail a bhaint as na féidearthachtaí éagsúla atá ann maidir le comhar níos doimhne chomh maith le tástáil a dhéanamh, ar bhonn deonach, ar na hionstraimí Eorpacha atá ann cheana, amhail an ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC)[10] nó an Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE)[11].

2. Institiúidí ardoideachais atá i mbun comhar trasnáisiúnta a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, chun cláir chomhpháirteacha a sholáthar agus céimeanna comhpháirteacha a bhronnadh, agus an méid sin a dhéanamh níos éasca dóibh, i gcomhréir le hionstraimí Bologna[12]. Sa chomhthéacs sin, agus ag cur leis na torthaí ar na gníomhaíochtaí tosaigh arna sonrú i bpointe 12, féachaint ar lipéad Céime Eorpaí comhpháirteach a sheachadadh agus é sin a éascú. Níos faide anonn, d'fhéadfaí obair a dhéanamh ionsar chéim chomhpháirteach fhéideartha ar gach leibhéal, bunaithe ar chritéir Eorpacha chomhchruthaithe a bheadh le seachadadh ar an leibhéal, náisiúnta, réigiúnach nó institiúideach, i gcomhréir leis na Creataí Náisiúnta um Cháilíochtaí.

---

**10** Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC), IO L 210, 31.7.2006, lch. 19.

**11** Rialachán (CEE) Uimh. 2137/85 ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE), IO L 199, 31.7.1985, lch. 1.

**12** Áirítear i measc ionstraimí Bologna an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS), an Forlíonadh Dioplóma, na creataí uileghabhálacha agus náisiúnta um cháilíochtaí (QFanna), na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESGQA), an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach, an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR), an Bunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh (DEQAR). Is féidir an Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint ('Coinbhinsiún Liospóin') a chur san áireamh freisin.

3. Cur ar a gcumas d'institiúidí ardoideachais gníomhaíochtaí oideachais trasnáisiúnta comhpháirteacha nuálacha a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, trína cheadú agus a mholadh dóibh cineálacha cur chuige agus bearta oiriúnacha a thástáil agus a chur chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

   a) Critéir um iontráil agus clárú le haghaidh mic léinn agus foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil;

   b) Teangacha na foghlama agus an teagaisc a shainiú agus urraim á tabhairt don ilteangachas de réir mar is iomchuí;

   c) An sciar d'fhoghlaim ar líne sa tairiscint oideachais ina hiomláine; an sciar de shoghluaisteacht mac léinn (foghlaim fhisiciúil, fhíorúil nó chumaisc) atá leabaithe sa ghníomhaíocht oideachais chomhpháirteach; agus sciar na gcúrsaí oiliúna, na ngníomhaíochtaí foghlama obairbhunaithe, agus na gcineálacha cur chuige dúshlánbhunaithe agus idirdhisciplíneach, agus a n-eagrú;

   d) Conairí foghlama solúbtha a chur san áireamh, amhail eispéiris foghlama bheaga a bhféadfadh micridhintiúir[13] teacht astu i gcás inarb ábhartha;

   e) Na rialacha maidir le leithdháileadh agus aistriú creidiúintí, agus trédhearcacht i ndáil le grádú, i gcomhréir le Treoir d'Úsáideoirí an Chóras Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS), mar bhunús le cláir thrasnáisiúnta chomhpháirteacha, gan rialacha ná srianta breise;

[13] 'Gan imeacht ón gcroíphrionsabal gur clár de chéimeanna iomlána atá i gceist agus gan baint de bhonn an chroíphrionsabail sin, d'fhéadfadh micrichreidiúnachtaí cabhrú le deiseanna foghlama a leathnú chun freastal ar fhoghlaimeoirí neamhthraidisiúnta agus ar an éileamh ar scileanna nua i margadh an tsaothair', Conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: An bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach, IO C 221, 10.6.2021, lch. 14.

f) Úsáid faisnéise faoin dearbhú cáilíochta seachtrach a bhaineann le cláir agus/nó institiúidí ardoideachais Eorpacha de réir na gCaighdeán agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESGQA), a chuimsítear i mBunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh (DEQAR) chun aitheantas uathoibríoch frithpháirteach[14] a chur chun feidhme chun críoch foghlama breise, i gcomhar leis na Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARICanna);

g) Aitheantas foghlama roimhe sin agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a cheadú, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar riachtanais thrédhearcacha chóra maidir le cáilíocht agus ar eagrú measúnuithe iomchuí d'fhoghlaimeoirí, agus na creidiúintí ábhartha a dhámhachtain don fhoghlaim sin;

h) Níos mó solúbthachta a cheadú, i gcás inarb iomchuí, maidir le teimpléad a gcéimeanna comhpháirteacha a shainiú agus cláir thrasnáisiúnta chomhpháirteacha á gcur chun feidhme.

4. Tacú le soghluaisteacht leabaithe i gcláir oideachais thrasnáisiúnta chomhpháirteacha

a) Tacú le hinstitiúidí ardoideachais an tsoghluaisteacht (foghlaim fhisiciúil, fhíorúil, nó chumaisc) a leabú ar bhealach níos córasaí agus níos solúbtha ina gcláir thrasnáisiúnta chomhpháirteacha, ar gach leibhéal, daoine ar lú na deiseanna atá acu agus daoine ó cheantair iargúlta – amhail na réigiúin is forimeallaí – san áireamh, chun cur ar a gcumas do líon níos mó mic léinn, acadóirí agus taighdeoirí tairbhe a bhaint as dinimic an chomhair chomhtháite maidir leis an ardoideachas agus chun scaipeadh cothrom na tallainne a chur chun cinn.

---

14 Mar a sainíodh i Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear IO C 444, 10.12.2018, lch. 1.

b) Tacú le digiteáil an bhainistithe soghluaisteachta laistigh de chomhpháirtíochtaí iltaobhacha, go háirithe caighdeánú agus digiteáil na bpróiseas gnó le haghaidh comhaontuithe iltaobhacha idirinstitiúideacha a shíniú lena n-áirítear trí thionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh a leathnú.

c) Oibriú ar mhaithe le cineálacha cur chuige níos comhleanúnaí le haghaidh na soghluaisteachta foghlama, i gcás inarb iomchuí, i dtéarmaí córais iontrála agus chláraithe, córais ghrádaithe, féilirí acadúla, córais táillí teagaisc, rochtain ar shaoráidí ardoideachais i rith mhíonna an tsamhraidh/na saoire agus úsáid na saoráidí sin.

5. Rannchuidiú le tacaíocht airgeadais dhíreach nó indíreach a chothú do chomhar institiúideach trasnáisiúnta níos doimhne san ardoideachas, lena n-áirítear do 'Ollscoileanna Eorpacha'

a) Tacú le gach cineál institiúide ardoideachais i dtaca lena rannpháirtíocht sa chomhar trasnáisiúnta institiúideach domhain sin, i gcás inarb ábhartha.

b) Cultúr a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc institiúidí ardoideachais le haghaidh an chomhair thrasnáisiúnta ardcháilíochta trína a áireamh agus a spreagadh i mbeartas náisiúnta agus i socrú tosaíochtaí náisiúnta, i gcás inarb iomchuí.

c) Na foinsí cistiúcháin atá ar fáil a shlógadh ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais[15] agus na córais airgeadais náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh chun tacaíocht Erasmus+ a mheaitseáil nó a chomhlánú i gcás inar féidir, arna comhlánú ar bhealach sineirgeach le tacaíocht ó Fís Eorpach, le haghaidh rannpháirtíocht institiúidí ardoideachais in 'Ollscoileanna Eorpacha'.

---

**15** Amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ciste InvestEU.

6. Bunphrionsabail an neamhspleáchais institiúidigh a chur chun cinn agus a chosaint mar réamhriachtanas chun socruithe rialachais coiteanna a chur ar bun le haghaidh comhar trasnáisiúnta níos doimhne le cur chuige ó bhun aníos. Institiúidí ardoideachais a chumasú chun cinntí neamhspleácha a dhéanamh maidir le rialachas inmheánach agus maidir le cúrsaí airgeadais, foirne agus acadúla, chun an tsaoirse acadúil a chosaint, agus a bheith gníomhach i mbun an fhoireann acadúil agus ionadaithe mac léinn a thabhairt isteach sa chinnteoireacht a bhaineann lena n-institiúid.

7. Iontaoibh fhrithpháirteach a láidriú trí dhearbhú cáilíochta seachtrach agus trí chreidiúnú a dhéanamh ar chláir oideachais chomhpháirteacha agus foirmeacha eile tairiscintí oideachais comhpháirteacha arna bhforbairt ag samhlacha comhair thrasnáisiúnta institiúidigh, lena n-áirítear 'Ollscoileanna Eorpacha' i gcomhréir leis na Treoirlínte agus Caighdeáin Eorpacha (ESG).

   a) Druidim a thuilleadh i dtreo dearbhú cáilíochta seachtrach institiúidbhunaithe. D'fhéadfadh sé sin tacú le forbairt fíorchultúir institiúidigh um cháilíocht, as a dtiocfadh cuntasacht níos mó agus comhoiriúnacht mhéadaithe sna córais ar fud na hEorpa, cultúr a chuirfeadh leis na huirlisí agus na creataí atá i bhfeidhm cheana i gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais, an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Limistéir Eorpaigh Ardoideachais.

   b) Féachaint ar an bhféidearthacht féinchreidiúnú clár a cheadú, i gcás inarb ábhartha, bunaithe ar dhearbhú cáilíochta institiúideach chun bonn a chur faoi fhéinfhreagracht na n-institiúidí ardoideachais.

c) I dtíortha ina bhfuiltear fós ag brath ar dhearbhú cáilíochta seachtrach clárbhunaithe, féachaint an bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) cur chun feidhme iomlán an Chur Chuige Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach a chumasú[16];

ii) a áirithiú gur gníomhaireacht aonair amháin atá cláraithe leis an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR)[17] a dhéanfaidh an mheastóireacht sheachtrach ar na cláir thrasnáisiúnta chomhpháirteacha agus go nglacfar leis na torthaí go huathoibríoch i ngach córas ardoideachais eile lena mbaineann, gan an méid sin a bheith faoi réir tuilleadh ceanglais náisiúnta; agus

iii) a áirithiú go leanann athchreidiúnú na gclár comhpháirteach trasnáisiúnta rialacha ESGQA agus an Cur Chuige Eorpach[18].

---

**16** Is é is aidhm don chur chuige, a d'fhormheas airí EHEA i mí na Bealtaine 2015, '*bac tábhachtach a chur ar fhorbairt clár comhpháirteach a bhaint trí chaighdeáin a leagan síos do na cláir sin atá bunaithe ar uirlisí comhaontaithe EHEA, gan critéir náisiúnta bhreise a chur i bhfeidhm'* (aistriúchán neamhoifigiúil).

**17** De réir an Chur Chuige Eorpaigh um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach, más rud é go bhfuil dearbhú cáilíochta seachtrach ar leibhéal an chláir de dhíth ar roinnt de na hinstitiúidí ardoideachais comhoibritheacha (e.g. tá sé éigeantach clár a chreidiúnú nó meastóireacht a dhéanamh orthu), ba cheart dóibh gníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta oiriúnach a roghnú as liosta na ngníomhaireachtaí atá cláraithe le EQAR. Déanfaidh an ghníomhaireacht meastóireacht amháin nó creidiúnú amháin ar an gclár comhpháirteach iomlán. Glacfar leis an toradh i dtíortha uile EHEA agus, ag brath ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta, ba cheart go dtiocfadh an cinneadh dearbhaithe cáilíochta seachtrach i bhfeidhm nó go n-aithneofaí é sna tíortha uile ina dtairgtear an clár. Is é EQAR clár oifigiúil na ngníomhaireachtaí náisiúnta um dhearbhú cáilíochta seachtrach a chomhlíonann na gealltanais laistigh de Phróiseas Bologna.

**18** Caighdeán ESG 1.10: '*Ba cheart dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar institiúidí i gcomhréir le ESG ar bhonn timthriallach*' (aistriúchán neamhoifigiúil). An Chur Chuige Eorpach (9. Tréimhsiúlacht) '*Ba cheart an clár comhpháirteach a athbhreithniú go tréimhsiúil gach 6 bliana, ar cheart é a shonrú sa chinneadh foilsithe*' (aistriúchán neamhoifigiúil).

8. Tacú, nuair is iomchuí, le foghlaim fhíorúil chomhoibríoch ardcháilíochta a fhorbairt, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí Ginearálta, mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den taighde chun comhar trasnáisiúnta cuimsitheach atá dírithe ar mhic léinn a chothú agus a éascú lena gcomhlánófar an idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh, agus go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Tacú le hinstitiúidí ardoideachais samhlacha foghlama comhoibríocha idirnáisiúnta fíorúla agus ar líne a fhorbairt mar chuid lárnach den fhoghlaim chumaisc, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thiomantas na gceannairí, pleanáil straitéiseach, seirbhísí láidre idirnáisiúnaithe um oiliúint agus thacaíocht oideolaíochta.

b) Tacú le hinstitiúidí ardoideachais luach a shannadh don am a chaitheann acadóirí ar oideolaíochtaí nua nuálacha agus cleachtais taighde nua a fhorbairt tríd an gcomhar trasnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, agus aitheantas a thabhairt don am sin ina measúnuithe gairmréime.

c) Tacú le samhlacha comhair institiúidithe, lena n-áirítear 'Ollscoileanna Eorpacha' agus iad ag iarraidh saineolas agus acmhainní a chomhthiomsú chun straitéisí digiteacha comhpháirteacha agus bonneagar idir-inoibritheach comhroinnte TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar shampla, trí rochtain fhrithpháirteach a thabhairt ar thimpeallachtaí foghlama agus taighde ar líne, ar chórais um bainistíocht foghlama, ar leabharlanna digiteacha nó ardáin ollchúrsaí oscailte ar líne (MOOC), ar sheirbhísí oiliúna agus tacaíochta, ar rochtain shaoráideach ar shonraí inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (FAIR) agus ar sheirbhísí idir-inoibritheacha.

d) Tacú le réitigh foinse oscailte a thástáil agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach chun dúshláin choiteanna a shárú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hidir inoibritheacht, ullmhacht dhigiteach, ceannasacht sonraí agus freagracht na gcóras ardoideachais.

9. Tacú le hinstitiúidí ardoideachais gníomhaíochtaí oideachais trasnáisiúnta comhpháirteacha idirdhisciplíneacha ar gach leibhéal a fhorbairt (ar an leibhéal gearr-thimthriallach agus ar leibhéil an Bhaitsiléara, na Máistreachta agus na Dochtúireachta).

a) Cineálacha cur chuige trasnáisiúnta dúshlánbhunaithe a chumasú agus a éascú lenar féidir le foghlaimeoirí a bhaineann le disciplíní, cultúir agus tíortha difriúla obair a dhéanamh i gcomhar le taighdeoirí, cuideachtaí, cathracha, réigiúin, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus pobail áitiúla chun réitigh chruthaitheacha nuálacha a aimsiú ar dhúshláin dhomhanda chomhroinnte.

b) Soláthar deiseanna ardchaighdeáin foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách chun uas-sciliú agus athsciliú a éascú, agus aird á díriú ar na réimsí is mó a bhfuil éileamh orthu i margadh an tsaothair, agus ar gcaoi sin rannchuidiú lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

10. Institiúidí ardoideachais a spreagadh chun foghlaimeoirí, acadóirí, taighdeoirí agus foirne a chumasú chun páirt níos mó a ghlacadh i rialachas na struchtúr le haghaidh ardoideachais institiúideach um chomhar trasnáisiúnta, agus gnéithe daonlathacha den fhéinrialachas acadúil atá ann cheana á gcur san áireamh, go háirithe:

a) Institiúidí ardoideachais a spreagadh bearta a dhéanamh chun go léireoidh a struchtúir rialachais cúlraí na bhfoghlaimeoirí agus na bhfoirne, cúlraí atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí, mar aon leis na heispéiris dhifriúla fostaíochta agus oideachais, i gcomhréir le prionsabail an chuimsithe agus an chomhionannais.

b) Tacú le forbairt inniúlachta le haghaidh ceannaireacht láidir éifeachtach trína spreagfar comhar trasnáisiúnta iomlánaíoch institiúideach.

c) Cothromaíocht inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal de na struchtúir rialachais.

d) Deiseanna a bhunú don phiarfhoghlaim chun tionscnaimh a chur chun cinn a faoinar féidir le hinstitiúidí ardoideachais eispéiris a chomhroinnt agus a bheith rannpháirteach san fhoghlaim fhrithpháirteach agus sa mhalartú faisnéise, agus chun tacú leis na tionscnaimh sin.

Moltar do na Ballstáit an Moladh seo a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Iarrtar orthu an Coimisiún a chur ar an eolas faoin *[cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh]* faoi na bearta comhfhreagracha atá le déanamh ag an leibhéal iomchuí chun tacú le cuspóirí an Mholta seo mar chéimeanna bunriachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025.

**IARRTAR, LEIS SEO, AR AN gCOIMISIÚN**

Agus lánaird á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, ar an neamhspleáchas institiúideach agus ar an tsaoirse acadúil, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir:

11. I gcomhthráth leis an anailís ar staidéir leanúnacha agus le hobair ullmhúcháin eile, tacú leis na Ballstáit agus leis na hinstitiúidí ardoideachais na hionstraimí Eorpacha atá ann cheana a úsáid ar bhonn píolótach ó 2022 amach mar chéim ar aghaidh chun comhar trasnáisiúnta níos doimhne, fadtéarmach agus solúbtha a éascú agus scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le hionstraimí comhair institiúidithe, amhail stádas dlíthiúil féideartha do chomhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais. Maidir leis na hionstraimí sin, a bheidh le húsáid ar bhonn deonach, ba cheart comhroinnt inniúlachtaí agus sonraí agus malartú foirne, agus i gcás inarb iomchuí, cur chun feidhme clár comhpháirteach a éascú leo, agus é d’aidhm céimeanna comhpháirteacha a bhronnadh ar leibhéal na gcomhghuaillíochtaí, lena n-áirítear céim chomhpháirteach bunaithe ar chritéir Eorpacha chomhchruthaithe.

Bunaithe ar thorthaí na hoibre ullmhúcháin agus ar thionscadail phíolótacha Erasmus+, tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ag gach céim le haghaidh cinneadh breise.

12. Iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna agus bearta riachtanacha – i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí mac léinn agus geallsealbhóirí – i dtreo céim chomhpháirteach fhéideartha bunaithe ar chritéir Eorpacha chomhchruthaithe. An chéim Eorpach chomhpháirteach sin, a bheadh le cur ar fáil, ar bhonn deonach, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó institiúideach, bheadh sí ina cruthúnas ar thorthaí foghlama arna mbaint amach mar chuid de chomhar trasnáisiúnta lena rachfaí 'i mbun staidéir i gcúpla ceann de thíortha an Aontais'[19], arna tairiscint laistigh de na 'Ollscoileanna Eorpacha'. Ba cheart é a bheith éasca í a eisiúint, a stóráil, a chomhroinnt, a fhíorú agus a fhíordheimhniú, agus í a bheith inaitheanta ar fud an Aontais. Tógfaidh sí ar chur chun feidhme ionstraimí Bologna sna Ballstáit agus cuirfidh sí dlús leis an gcur chun feidhme sin.

a) Forbairt agus cur chun feidhme na gcritéar Eorpach a dhéanamh ar bhonn píolótach in 2022 faoi Erasmus+, chun lipéad 'Céim Eorpach Chomhpháirteach' a bhronnadh. D'eiseofaí an lipéad sin mar theastas a chomhlánódh cáilíochtaí mac léinn a bhaineann céim amach i gcláir chomhpháirteacha arna gcur ar fáil i gcomhthéacs comhar trasnáisiúnta idir roinnt mhaith institiúidí ardoideachais.

b) Bunaithe ar thorthaí na hoibre ullmhúcháin sin, tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh breise ag gach céim i dtreo céim chomhpháirteach fhéideartha bunaithe ar chritéir Eorpacha chomhchruthaithe, i gcomhréir le hionstraimí Phróiseas Bologna.

[19] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/2017 REV 1).

13. Forbairt bhreise thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a shaothrú, agus cur chuige ó bhun aníos á leanúint, tríd an gclár Erasmus+, ar bhonn phríomhthorthaí an athbhreithnithe mheántéarma ar na chéad chomhghuaillíochtaí. Ó 2022 ar aghaidh, cistiú inbhuanaithe a chur ar fáil le haghaidh 'Ollscoileanna Eorpacha' rathúla atá ann cheana féin, tar éis glao iomaíoch agus cáilíochtúil ar thograí, agus foráil a dhéanamh maidir le cinn nua a chruthú, bunaithe ar phrionsabail na cothromaíochta geografaí, an chuimsithe, na hardcháilíochta agus na sármhaitheasa. Sineirgí a thástáil leis an gclár Fís Eorpach le haghaidh na gné taighde agus nuálaíochta agus le cláir eile de chuid an Aontais, b'fhéidir, faoi 2024, laistigh de shainchúram a mbonn dlíthiúil. Leas a bhaint as an athbhreithniú meántéarma ar chláir CAI chun féachaint ar bhealaí lena bhféadfaí cuir chuige nuálacha a chumasú maidir le slógadh comhpháirteach níos fearr foinsí cistiúcháin de chuid an Aontais, agus sineirgí féideartha le cistí réigiúnacha agus náisiúnta á saothrú.

14. Tacú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le leathnú thionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh, go háirithe digitiú próiseas gnó lena mbaineann an-chuid sínitheoirí agus malartuithe sonraí, chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le soghluaisteacht agus malartuithe mac léinn agus foirne a bhainistiú atá leabaithe laistigh de chomhpháirtíochtaí trasnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a laghdú.

15. Faoi lár na bliana 2022, treochlár cuimsitheach a chur ar fáil ina léireofar na príomh-gharspriocanna agus na grúpaí saineolaithe lena mbaineann, d'fhonn na hionstraimí nua a chomhdhearadh i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha. Ba cheart an treochlár sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

Iarrtar ar an gCoimisiún anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i bpleananna gníomhaíochta na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm an Mholta seo, agus maidir lena úsáid i gcomhthéacs na hoibre ar chur chun feidhme an chreata straitéisigh um chomhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus thairis sin, trí chreataí Aontais ábhartha um fhaireachán agus thuairisciú atá ann cheana, i gcomhar leis na Ballstáit agus tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí lena mbaineann, agus iarrtar air tuairisciú don Chomhairle laistigh de 5 bliana ón dáta a ghlactar an Moladh.

Arna dhéanamh i Lucsamburg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*